2025.M70T

2025L014G1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2025

# Ealaín

## Amharcstaidéar

## Gnáthleibhéal

## Déardaoin 12 Meitheamh    Tráthnóna 2:00 - 4:30

150 marc

**Scrúduimhir**

**Dáta Breithe**

Scríobh 3 Feabhra 2005
mar 03 02 05, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

## Treoracha

Tá **trí** roinn sa scrúdpháipéar seo:

| | | | |
|---|---|---|---|
| Roinn A | Domhan an lae inniu | 50 marc | 7 gceist ghearrfhreagra. |
| Roinn B | An Eoraip agus an domhan mór | 50 marc | 6 cheist fadfhreagra. |
| Roinn C | Éire agus a háit sa domhan mór | 50 marc | 6 cheist fadfhreagra. |

Freagair ceisteanna mar seo a leanas:

- Roinn A – Domhan an lae inniu: Freagair **cúig cheist** ar bith.
  (Tá na ceisteanna go léir ar cómharc – 10 marc an ceann).
- Roinn B – An Eoraip agus an domhan mór: Freagair ceist **amháin**.
- Roinn C – Éire agus a háit sa domhan mór: Freagair ceist **amháin**.

Déan tagairt, áit a n-iarrtar sin, do na **léaráidí ar an mbileog a ghabhann** le Roinn A.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán seo. Tá spás le haghaidh obair bhreise i ndeireadh an leabhráin seo. Déan aon obair bhreise a lipéadú go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Tá cead agat sceitsí agus léaráidí lipéadaithe a úsáid mar thaca le do fhreagra más mian leat.
Tá spás le haghaidh sceitsí agus léaráidí ar fáil i ndeireadh gach roinne. Déan deimhin de go bhfuil uimhir gach ceiste (agus an chuid den cheist nuair is gá sin) curtha go soiléir ar gach sceitse nó léaráid.

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Is le haghaidh sceitsí agus líníochtaí amháin a cheadaítear peann luaidhe, pinn luaidhe dathúcháin san áireamh. Ná húsáid péint ná meán fliuch ar bith eile.

Scanfar an leabhrán scrúdaithe seo agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Féadfaidh sé nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

| Roinn A | Domhan an lae inniu | 50 marc |
|---|---|---|

Freagair **cúig cheist ar bith** sa roinn seo.

**Ceist 1** **10 marc**

Tá póstaer le haghaidh an scannáin *Inside Out* **léirithe ar an mbileog a ghabhann leis seo**.

**(a)** Déan cur síos ar an bpóstaer sin faoi na ceannteidil seo a leanas: leagan amach, clófhoireann.

**(b)** Conas atá úsáid bainte ag an ealaíontóir as dathanna chun smaointe a chur in iúl? Tabhair fáthanna le do fhreagra.

**Ceist 2** **10 marc**

Tá múrphictiúr, ar a dtugtar *Trashure*, **léirithe ar an mbileog a ghabhann leis seo**.

**(a)** Déan cur síos ar an saothar ealaíne sin faoi na ceannteidil seo a leanas: íomhánna, dathanna, solas.

**(b)** Cén teachtaireacht a chuirtear in iúl sa mhúrphictiúr sin? Tabhair fáthanna le do fhreagra.

**Ceist 3** **10 marc**

Ainmnigh saothar ealaíne **amháin** atá feicthe agat i ngailearaí, in ionad ealaíon nó i músaem.

| |
|---|
| Ainm an ghailearaí, an ionaid ealaíon nó an mhúsaeim: |
| Ainm an tsaothair ealaíne: |

**(a)** Déan cur síos ar an saothar ealaíne sin agus úsáid á baint agat as gnéithe ealaíne agus prionsabail dearaidh chuí.

**(b)** Conas a d'fhéadfadh bainisteoir an ghailearaí, an ionaid ealaíon nó an mhúsaeim atá ainmnithe thuas tuilleadh daoine a mhealladh chun cuairt a thabhairt air? Tabhair fáthanna le do fhreagra.

**Ceist 4** **10 marc**

Tá bróidnéireacht le Victoria Rose Richards **léirithe ar an mbileog a ghabhann leis seo**.

**(a)** Déan cur síos ar an mbróidnéireacht sin faoi **dhá** cheann ar bith de na ceannteidil seo a leanas: dathanna, uigeacht, líne, patrún, cruth.

| Ceannteideal 1: |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| Ceannteideal 2: |
| |
| |
| |
| |
| |

**(b)** Cén cineál íomhánna a spreag an saothar ealaíne sin, dar leat?
Tabhair fáthanna le do fhreagra agus úsáid á baint agat as fianaise atá sa léaráid a thaispeántar.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 5** **10 marc**

Tá an carr spóirt McLaren, *750S Spider*, **léirithe ar an mbileog a ghabhann leis seo**.

**(a)** Déan cur síos ar dhearadh an chairr sin faoi na ceannteidil seo a leanas: cruth, líne, dathanna.

**(b)** Cén teachtaireacht a chuireann dearadh an chairr sin in iúl ó thaobh amhairc de? Tabhair fáthanna le do fhreagra agus úsáid á baint agat as fianaise atá sa léaráid a thaispeántar.

**Ceist 6** **10 marc**

**(a)** Mínigh an chaoi a bhféadfadh amharc-ealaíontóir óg a chuid oibre a chur chun tosaigh? Tabhair **dhá** shampla chun tacú le do fhreagra.

**(b)** Iarradh ort agallamh a chur ar ealaíontóir ag taispeántas dá cuid saothar féin le haghaidh irisleabhar do scoile. Cén **dá** cheist a chuirfeá ar an ealaíontóir? Tabhair fáthanna le do fhreagra.

**Ceist 7** **10 marc**

Tá feisteas as an mbailiúchán *Stained Glass* le Claire Garvey **léirithe ar an mbileog a ghabhann leis seo**.

**(a)** Déan cur síos ar an bhfeisteas sin faoi na ceannteidil seo a leanas: úsáid na mbunábhar, dathanna.

**(b)** Cén fheidhm a bheadh le feisteas den sórt sin, dar leat?
Tabhair fáthanna le do fhreagra.

Spás le haghaidh sceitsí, léaráidí, etc., más rogha leat é a úsáid.
Lipéadaigh an obair go léir go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

## Roinn B — An Eoraip agus an domhan mór — 50 marc

Freagair ceist **amháin** as an roinn seo.

**Ceist 8 — Ealaín Rómhánúil agus Ghotach (c.1000 – 1500idí)**

Cuir eaglais nó ardeaglais Rómhánúil amháin i gcomparáid agus i gcodarsnacht le heaglais nó le hardeaglais Ghotach amháin.

- Déan tagairt d'eaglais nó d'ardeaglais ainmnithe **amháin** ón **dá** thréimhse.
- Bíodh plé ar chomhthéacs, ar an nuálaíocht agus ar an aireag, ar ghnéithe ealaíne agus prionsabail dearaidh, ar bhunábhair agus ar theicnící san áireamh agat.

**Ceist 9 — An Renaissance – an Prótai-, an Luath-, an tArd-Renaissance & an Gothaíochas (c.1300 – 1600idí)**

Déan cur síos ar **dhá** shaothar ealaíne a léiríonn an nuálaíocht agus an aireag le linn na tréimhse seo.

- Déan tagairt d'ealaíontóirí ainmnithe agus do **dhá** shaothar ealaíne ainmnithe.
- Bíodh plé ar chomhthéacs, ábhar, gnéithe ealaíne agus prionsabail dearaidh, bunábhair agus teicnící san áireamh agat.

**Ceist 10 — Ealaín Bharócach (c.1600 – 1700idí)**

Conas a chruthaigh Caravaggio braistint drámaíochta ina chuid pictiúr?

- Déan tagairt do **dhá** shaothar ealaíne ainmnithe.
- Bíodh plé ar chomhthéacs, ar ábhar, ar an nuálaíocht agus ar an aireag, ar ghnéithe ealaíne agus ar phrionsabail dearaidh san áireamh agat.

**Ceist 11 — Réalachas, Impriseanachas agus Iar-Impriseanachas (c.1850 – 1900idí)**

Déan cur síos ar an gcaoi ar imir an staidéar ar sholas agus ar dhathanna tionchar ar ealaín na tréimhse seo.

- Déan tagairt d'ealaíontóirí ainmnithe agus do **dhá** shaothar ealaíne ainmnithe.
- Bíodh plé ar chomhthéacs, ar an nuálaíocht agus ar an aireag, ar ghnéithe ealaíne agus prionsabail dearaidh, ar mheáin agus ar theicnící san áireamh agat.

**Ceist 12 — Nua-Aoiseachas (c.1900 – 1960idí)**

Déan plé ar fhorbairt an Chiúbachais.

- Déan tagairt d'ealaíontóirí ainmnithe agus do **dhá** shaothar ealaíne ainmnithe.
- Bíodh plé ar chomhthéacs, ar an nuálaíocht agus ar an aireag, ar ghnéithe ealaíne agus prionsabail dearaidh, ar bhunábhair agus ar theicnící san áireamh agat.

**Ceist 13 — Tar éis 1960**

Déan plé ar an gcaoi ar thriail amharc-ealaíontóirí bunábhair **agus/nó** teicnící nua le linn na tréimhse seo.

- Déan tagairt d'ealaíontóirí ainmnithe agus do **dhá** shaothar ealaíne ainmnithe.
- Bíodh plé ar chomhthéacs, ábhar, gnéithe ealaíne agus prionsabail dearaidh, meáin agus teicnící san áireamh agat.

Spás Pleanála más rogha leat é a úsáid.

Freagra ar Cheist

Spás le haghaidh sceitsí, léaráidí, etc., más rogha leat é a úsáid.

Lipéadaigh an obair go léir go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

| Roinn C | Éire agus a háit sa domhan mór | 50 marc |
|---|---|---|

Freagair ceist **amháin** as an roinn seo.

**Ceist 14 An Ealaín Réamh-Chríostaí (c.4000 RCR – 500 CR)**

Déan plé ar fhorbairt na snoíodóireachta cloiche le linn na tréimhse seo.

- Déan tagairt do **dhá** shampla shonracha den tsnoíodóireacht cloiche.
- Bíodh plé ar chomhthéacs, ar an nuálaíocht agus ar an aireag, ar ghnéithe ealaíne agus prionsabail dearaidh, ar stíl agus ar theicnící san áireamh agat.

**Ceist 15 Ealaín na nOileán (c.500 – 1100idí)**

Déan cur síos ar úsáid dathanna agus maisithe i lámhscríbhinn ainmnithe **amháin** ón tréimhse seo.

- Déan tagairt do **dhá** leathanach shonracha as an lámhscríbhinn sin.
- Bíodh plé ar chomhthéacs, íomhánna, gnéithe ealaíne agus prionsabail dearaidh, bunábhair agus teicnící san áireamh agat.

**Ceist 16 Ailtireacht agus Ealaín na Meánaoise Déanaí (c.1100 – 1550idí)**

Déan plé ar an tionchar a bhí ag na Normannaigh ar ailtireacht na hÉireann le linn na tréimhse seo.

- Déan tagairt do **dhá** struchtúr shonracha ón tréimhse seo.
- Bíodh plé ar chomhthéacs, ar an nuálaíocht agus ar an aireag, ar ghnéithe ealaíne agus prionsabail dearaidh, ar bhunábhair agus ar theicnící san áireamh agat.

**Ceist 17 An tréimhse Sheoirseach (c.1720 – 1800idí)**

Déan cur síos ar thréithe na hailtireachta Seoirsí.

- Déan tagairt do **dhá** fhoirgneamh Sheoirseacha ainmnithe.
- Bíodh plé ar chomhthéacs, gnéithe ealaíne agus prionsabail dearaidh, struchtúr, bunábhair agus teicnící san áireamh agat.

**Ceist 18 Ealaín agus Nua-Aoiseachas na hÉireann (c.1880 – 1960idí)**

Déan plé ar thionchar an Impriseanachais ar phéintéireacht na hÉireann.

- Déan tagairt d’ealaíontóirí ainmnithe agus do **dhá** shaothar ealaíne ainmnithe.
- Bíodh plé ar chomhthéacs, gnéithe ealaíne agus prionsabail dearaidh, stíl agus teicnící san áireamh agat.

**Ceist 19 Tar éis 1960**

Déan cur síos ar an gcaoi a gcuireann amharc-ealaíontóirí smaointe faoi cheisteanna sóisialta in iúl ina saothair ealaíne le linn na tréimhse seo.

- Déan tagairt d’ealaíontóirí ainmnithe agus do **dhá** shaothar ealaíne ainmnithe.
- Bíodh plé ar chomhthéacs, ábhar, gnéithe ealaíne agus prionsabail dearaidh, meáin agus réimsí cleachtais san áireamh agat.

Spás Pleanála más rogha leat é a úsáid.

Freagra ar Cheist

Spás le haghaidh sceitsí, léaráidí, etc., más rogha leat é a úsáid.
Lipéadaigh an obair go léir go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Spás breise le haghaidh freagraí: Lipéadaigh an obair go léir go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Spás breise le haghaidh sceitsí, léaráidí, etc., más rogha leat é a úsáid.
Lipéadaigh an obair go léir go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Admhálacha**

**Íomhánna**

Lch 3: Ceist 1
Cyclops Print Works. *Inside Out.* 2015. Póstaer - eagrán teoranta.
https://insidetherockposterframe.blogspot.com/2015/06/stacey-aoyama-inside-out-movie-poster-disney-pixar.html
(Rochtain déanta: 23 D.Fómh. 2024)

Lch 4: Ceist 2
Studio Giftig. *Trashure*. 2022. Múrphictiúr. An Ísiltír.
https://streetartcities.com/markers/c6021222-dcfe-4b79-8ac5-7588550c18c6
Rian Nijssen a ghlac an grianghraf. 2022
(Rochtain déanta: 23 D.Fómh. 2024)

Lch 6: Ceist 4
Victoria Rose Richards. *A Peaceful Place (Somewhere Out There)*. 2024. Bróidnéireacht.
https://victoriaroserichards.co.uk/work/a-peaceful-place-somewhere-out-there/
(Rochtain déanta: 24 Samh. 2024)

Lch 7: Ceist 5
McLaren. *750S Spider.* 2024. Carr spóirt.
https://cars.mclaren.com/en/750s-spider
(Rochtain déanta: 24 Samh. 2024)

Lch 9: Ceist 7
Claire Garvey. Feisteas as an mbailiúchán *Stained Glass*. 2024. Claibíní plaisteacha athchúrsáilte, ruaimnithe de láimh le ruaim gloine daite orgánach, fál plaisteach agus sreang.
https://www.irishtimes.com/life-style/fashion/2024/08/05/the-claire-flair/
Tessy Ehiguese a ghlac an grianghraf. 2024
(Rochtain déanta: 23 D.Fómh. 2024).

Ná scríobh ar an leathanach seo

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D’fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d’fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal

# Ealaín Amharcstaidéar

Déardaoin 12 Meitheamh

Tráthnóna 2:00 - 4:30